comhlacht forbartha inis meáin

comhar caomhán teoranta
Inis Oírr, Árainn, Cuan na Gaillimhe.

Comharchumann Forbartha Árann Teo.

Fógra Poist

Oifigigh Pleanála Teanga

Tá trí phost mar **Oifigeach Pleanála Teanga** á dtairiscint ar Oileáin Árann ag:

Comhar Caomhán Teo, Inis Oírr
Comhlacht Forbartha Inis Meáin
Comharchumann Forbartha Árann Teo, Inis Mór

Teastaíonn triúr Oifigeach Pleanála Teanga le Plean Teanga Oileáin Árann a chur i bhfeidhm. Beidh Oifigeach Pleanála Teanga amháin lonnaithe ar gach oileáin agus freagrach as bearta an phlean teanga a chur i bhfeidhm ar an oileán sin. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag ceann de na heagraíochtaí atá luaite thuas agus freagrach as clár oibre aontaithe a chur i bhfeidhm. Is conradh trí bliana a bheidh i gceist leis na poist seo, agus féadfar cur leis an tréimhse sin.

Daoine cumasacha a bhfuil taithí agus cáilíochtaí acu i réimse oibre na pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar a theastaíonn.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil an taithí agus na cáilíochtaí seo a leanas acu:

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa.
- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal sa réimse pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar.
- Tuiscint agus taithí mhaith ar chúrsaí pleanála teanga, ar fhorbairt pobail agus a bheith ag plé le coistí/struchtúir phobail.
- Taithí i mbainistiú agus i gcur i gcrích tionscadal.
- Scileanna maithe cumarsáide, áisitheoireachta, comhordaithe agus idirphearsanta.
- Taithí ar fhoireann oibre a bhainistiú
- Eolas agus taithí ar bhainistiú airgeadais

Tá scála tuarastail ó €35,000 go €50,000 ag gabháil leis an bpost.

Seoltar CV agus litir chumhdaigh ar ríomhphost, roimh **5i.n. Dé hAoine an 12 Lúnasa** chuig an eagraíocht chuí:

Post mar Oifigeach Pleanála Teanga Inis Oírr: Comhar Caomhán Teo Inis Oírr bainisteoir@discoverinisoirr.com
Post mar Oifigeach Pleanála Teanga Inis Meáin: Comhlacht Forbartha Inis Meáin bainisteoircfinismeain@gmail.com
Post mar Oifigeach Pleanála Teanga Inis Mór: Comharchumann Forbartha Árann Teo, Inis Mór eolas@cfarann.ie

Tá cóip den phlean teanga agus tuilleadh eolais ar fáil ach teagmháil a dhéanamh le ceann de na heagraíochtaí thuasluaite.

Ullmhaíodh an plean mar chuid den phróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht agus i gcomhréir le forálacha Acht na Gaeltachta, 2012. Is plean seacht mbliana atá i gceist a bhfuil d'aidhm aige cur leis an líon cainteoirí laethúla Gaeilge san LPT. Is ar an Oifigeach Pleanála Teanga a bheidh an phríomhfhreagracht an plean a chur i bhfeidhm.